



PREASEISIÚINT Uimh. 188/22

Lucsamburg, an 22 Samhain 2022

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCásanna Uamtha C-37/20 | Luxembourg Business Registers agus C-601/20 | Sovim

An Treoir maidir le sciúradh airgid a chomhrac: tá an fhoráil lena leagtar síos go mbeidh faisnéis faoi úinéirí tairbhiúla na gcuideachtaí arna n-ionchorprú ar chríoch na mBallstát inrochtana i ngach gás d'aon duine den phobal i gcoitinne neamhbhailí.

Níl an cur isteach ar na cearta a ráthaítear leis an gCairt leis an mbeart sin teoranta don mhéid a bhfuil fíorghá leis ná i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú.

I gcomhréir leis an Treoir maidir le sciúradh airgid a chomhrac¹, bunaíodh le Dlí Lucsamburgach a glacadh in 2019² Clár na nÚinéirí Tairbhiúla agus foráiltear ann go gcaithfear sraith faisnéise ar úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas cláraithe a iontráil agus a stóráil ann. Tá cuid den fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne, go háirithe ar an idirlíon. Foráiltear sa Dlí sin freisin go bhféadfaidh úinéir tairbhiúil a iarraidh ar Luxembourg Business Registers (LBR), arb é bainisteoir an Chláir, rochtain ar an bhfaisnéis sin a theorannú i gcásanna áirithe.

Sa comhthéacs sin, thug cuideachta Lucsamburgach agus úinéir tairbhiúil cuideachta den sórt sin dhá chaingean os comhair an tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg), a raibh iarrtha acu, gan rath, ar LBR an rochtain atá ag an bpobal i gcoitinne ar an bhfaisnéis a bhaineann leo a theorannú. Agus í den tuairim go bhféadfadh riosca díréireach i ndáil le sárú ar chearta bunúsacha na n-úinéirí tairbhiúla lena mbaineann a bheith ann dá nochtfaí faisnéis den sórt sin, chuir an chúirt sin sraith ceisteanna le haghaidh réamhrialú ar an gCúirt Bhreithiúnais a bhaineann le léiriú forálacha ábhartha den Treoir maidir le sciúradh airgid a chomhrac agus bailíocht na bhforálacha sin i bhfianaise na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt").

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, agus í ag suí mar Mhór-Dhlísheomra, go bhfuil an fhoráil den Treoir maidir le sciúradh airgid a chomhrac lena bhforáiltear nach mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ar úinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil atá corpraithe ina gcríoch **ar fáil i ngach cás d'aon duine den phobal i gcoitinne** neamhbhailí.

Dar leis an gCúirt, is ionann rochtain don phobal i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húnéirí tairbhiúla **agus cur isteach tromchúiseach ar na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus sonraí pearsanta a chosaint** a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, faoi seach. Leis an bhfaisnéis a nochtar, cuirtear ar chumas líon daoine a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta faisnéis a fháil faoi staid ábhartha agus airgeadais úinéara thairbhiúil. Ina theannta sin, is treise na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na daoine is ábhar do na sonraí

¹ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO 2015 L 141 Ich. 73), arna leasú le Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 (IO 2018, L 156, Ich. 43).

² Dlí an 13 Eanáir 2019 lena mbunaítear Clár na n-Úinéirí Tairbhiúla (mémorial A 15).

mar thoradh ar mhí-úsáid fhéideartha a sonraí pearsanta toisc, ní hamháin go bhféadfar na sonraí sin a rochtain a luaithe a chuirfear ar fáil don phobal i gcoitinne iad, ach go bhféadfar iad a stóráil agus a scaipeadh freisin.

Bíodh sin mar atá, tugann an Chúirt dá haire, leis an mbeart atá faoi thrácht, tá sé beartaithe ag reachtóir an Aontais sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc trí thimpeallacht a fhorbairt, trí thrédhearcacht mhéadaithe a chur ar fáil, ar timpeallacht í ar lú an dóchúlacht go n-úsáidfear í chun na gcríoch sin. Measann sí go bhfuil **cuspóir an leasa ghinearálta** á shaothrú ag an reachtóir, a d'fhéadfadh údar a thabhairt do chur isteach, tromchúiseach fiú, ar na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, agus go bhfuil rochtain an phobail i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla **oiriúnach chun rannchuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach**.

Cinneann an Chúirt, áfach, nach bhfuil an cur isteach a bhaineann leis an mbeart sin **teoranta don mhéid a bhfuil fíor-ghá leis ná i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú**. Chomh maith lena bheith údaraithe leis na forálacha sin sonraí nach bhfuil sainithe nó inaitheanta go leordhóthanach a chur ar fáil don phobal, agus is ionann an córas a tugadh isteach leis an Treoir maidir le sciúradh airgid a chomhrac agus cur isteach **i bhfad níos tromchúisí** ar na cearta bunúsacha a ráthaítear le hAirteagail 7 agus 8 den Chairt, i gcomparáid leis na rialacha a bhí ann roimhe sin (inar foráladh, sa bhreis ar rochtain a bheith ag na húdaráis inniúla agus ag eintitis áirithe, go mbeadh aon duine nó eagraíocht in ann leas dlisteanach a léiriú), **gan an cur isteach sin a bheith cúitithe ag na buntáistí** féideartha, a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis an gcóras nua, i ndáil leis an gcóras a bhí ann roimhe, maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Go háirithe, ní féidir leis na **deacrachtaí** a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na cásanna agus na coinníollacha ina bhfuil leas dlisteanach **a shainiú** go beacht **bonn cirt a thabhairt** dó go ndéanfadh reachtas an Aontais foráil go mbeidh rochtain ag an bpobal ar an bhfaisnéis lena mbaineann. Luann an Chúirt freisin, maidir leis na forálacha roghnacha lena gceadaítear do na Ballstáit, faoi seach, **cur ar fáil na faisnéise maidir le húinéirí tairbhiúla a chur faoi choinníoll clárú ar líne** agus **foráil a dhéanamh**, in imthosca eisceachtúla, **maidir le maoluithe ar rochtain an phobail i gcoitinne ar an bhfaisnéis sin, níl siad in ann iontu féin cothromaíocht a léiriú** idir cuspóir an leasa ghinearálta atá á shaothrú agus na cearta bunúsacha a chumhdaítear in Airteagail 7 agus 8 den Chairt, nó **ráthaíochtaí leordhóthanacha** a bheith ann lena gcumasaítear do dhaoine is ábhar do na sonraí a sonraí pearsanta a chosaint go héifeachtach ar an mbaol go mbainfí mí-úsáid astu.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus résumé](#) an bhreithiúnais ar shuíomh CURIA lá an fhógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3555

Is féidir íomhanna d'fhógairt an bhreithiúnais a fháil ó ["Europe by Satellite"](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Bígí nasctha!

